Bord Póilíneachta
Thuaisceart Éireann

CEARTA DAONNA

TUAIRISC BHLIANTÚIL 2010
FORBHREATHNÚ

MONATÓIREACHT AR FHEIDHMÍOCHT
SHEIRBHÍS PÓILÍNEACHTA THUAISCEART
ÉIREANN MAIDIR LE COMHLÍONADH AN
ACHTA CEART DAONNA 1998

BORD PÓILÍNEACHTA THUAISCEART ÉIREANN

FORBHREATHNÚ AR AN TUAIRISC BHLIANTÚIL CEART DAONNA, 2010

Tá dualgas reachtúil ar Bhord Póilíneachta Thuaisceart Éireann (an Bord) faoi Acht na bPóilíní (Tuaisceart Éireann) 2000 monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an PSNI maidir le comhlíonadh Acht na gCeart Daonna 1998. Le go bhféadfaí an dualgas reachtúil seo a chomhlíonadh, cheap an Bord Comhairleoirí Ceart Daonna sa bhliain 2003 le Creat Monatóireachta Ceart Daonna a fhorbairt ina leagfaí amach na heochair-réimsí d'obair na bpéas a ndéanfaí imscrúdú orthu. Déanann Coiste na gCeart Daonna agus na gCaighdeán Proifisiúnta (an Coiste) monatóireacht ar an PSNI gach bliain i ngach ceann de na trí eochair-réimse seo agus déanann an Coiste, i gcomhar le Comhairleoir Ceart Daonna an Bhoird, a gcuid torthaí a fhoilsiú gach bliain sa Tuairisc Bhliantúil Ceart Daonna. Ó bhí 2005 ann, tá an PSNI i ndiaidh 170 de mholtaí ó na Tuairiscí Bliantúla Ceart Daonna a chur i bhfeidhm ina n-iomláine.

Clúdaítear, go foirmeálta, le Tuairisc Ceart Daonna 2010 an tréimhse 1 Aibreán 2009 - 31 Márta 2010 ach tá tagairtí ann d'fhorbairtí níos deireanaí, aon áit arbh fhéidir é sin. Tá 5 mholadh nua ann don PSNI le cur i bhfeidhm (le sonrú thíos), agus tá sonraithe go bhfuil 3 mholadh ó bhlianta roimhe atá go fóill gan cur i bhfeidhm. Déanfaidh an Coiste, i gcomhar le Comhairleoir Ceart Daonna an Bhoird, maoirseacht ar an PSNI agus na moltaí seo á gcur i bhfeidhm acu. Léirítear, le líon laghdaithe na moltaí atá déanta i mbliana i gcomparáid le blianta roimhe seo, an dul chun cinn suntasach atá déanta agus atá á dhéanamh i gcónaí ag an PSNI. Is léiriú é seo fosta, áfach, go mbítear, nó go mbeifear, ag plé le roinnt gnéithe den phóilíneacht ar leithligh trí athbhreithniú téamach.

Ba é Coiste na gCeart Daonna agus na gCaighdeán Proifisiúnta, i gcomhar le Comhairleoir Ceart Daonna an Bhoird, a bhí ag stiúradh na n-athbhreithnithe téamacha seo, a chomhlánaíonn an Tuairisc Bhliantúil Ceart Daonna. Cé gur de réir an Chreata Monatóireachta Cheart Daonna a dhéantar an mhonatóireacht leis an Tuairisc Bhliantúil Ceart Daonna, is féidir, leis an phróiseas téamach, anailís níos mó a dhéanamh maidir le héifeacht phraiticiúil na straitéise agus an pholasaí ar an talamh. Mar atá curtha i gcuimhne ag páirtithe leasmhara don Choiste, is le cur i bhfeidhm agus measúnú iartheachtach na bpolasaithe agus trí bheith ag cloí le prionsabail ceart daonna i gcásanna praiticiúla is féidir fíor-bhreithmheas a dhéanamh ar chomhlíonadh reachtaíocht ceart daonna. Go dtí seo, tá trí athbhreithniú théamacha déanta ag an Choiste: mí-úsáid sa bhaile; cumhachtaí na bpéas maidir le daoine a stopadh, a chuardach agus a cheistiú; agus, an phóilíneacht i dtaca le páistí agus daoine óga. Tá an Coiste ag obair faoi láthair ar athbhreithniú ar an phóilíniú a dhéantar ar agus le haghaidh baill den phobal atá leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach. Déanfar an tuairisc sin a fhoilsiú in 2011.[1]

Seo a leanas na heochair-réimsí d'obair na bpéas ar pléadh leo sa Tuairisc Bhliantúil Ceart Daonna, 2010: (1) Clár Gníomhaíochta an PSNI; (2) Oiliúint (3) Polasaí; (4) Oibríochtaí; (5) Gearáin, Cúrsaí Smachta agus Cód Eitice; (6) Ord Poiblí; (7) Úsáid an Fhórsa; (8) Póilíniú faoi Cheilt; (9) Íospartaigh; (10) An dóigh a gCaitear le hAmhrastaigh; (11) Feasacht Ceart Daonna sa PSNI; (Póilíniú i measc an Phobail; (13) Príobháideachas agus Cosaint Sonraí; agus, (14) Páistí agus Daoine Óga.

[1] Tá na hathbhreithnithe téamacha ar mhí-úsáid sa bhaile agus ar an phóilíneacht i dtaca le páistí agus daoine óga agus na téarmaí tagartha don athbhreithniú téamach ar an phóilíneacht i dtaca le baill den phobal atá leispiach, aerach, déghnéasach agus trasinscneach ar fáil lena n-íoslódáil ag www.nipolicingboard.org.uk. Déanfar an t-athbhreithniú téamach ar an úsáid a bhaineann na péas as cumhachtaí stoptha agus cuardaithe agus as cumhachtaí stoptha agus ceistithe a eisiúint go luath in 2011.

Bunaithe ar obair mhonatóireachta na bliana seo, tá a dtiomantas leanúnach léirithe ag an PSNI maidir lena chinntiú go ndéantar cultúr ceart daonna a neadú laistigh de gach polasaí agus cleachtas agus i ngach grád agus i ngach rannóg den tseirbhís póilíneachta. Leanfaidh an Coiste leo ag comhoibriú go dlúth leis an PSNI lena chinntiú go leantar leis an tiomantas seo agus sna míonna beaga atá amach romhainn, déanfaidh an Coiste athbhreithniú ar an Chreat Monatóireachta Ceart Daonna reatha lena chinntiú go gcuimsítear na réimsí is tábhachtaí den obair phóilíneachta faoi agus, mar sin de, go mbeidh an Bord in ann maoirseacht a dhéanamh orthu seo.

Moltaí 2010

Moladh 1
Ba cheart don PSNI a dhearbhú do Choiste na gCeart Daonna agus na gCaighdeán Proifisiúnta, laistigh de shé mhí i ndiaidh fhoilsiú na Tuairisce Bliantúla Ceart Daonna seo, go bhfuil Cód Eitice 2008 agus na prionsabail ábhartha ceart daonna atá ionchorpraithe laistigh de léite ag gach duine a bhfuil freagrachtaí oiliúna air/uirthi agus gur thuig sé/sí é. Ina dhiaidh seo, ba cheart do mhúinteoirí oiliúna an PSNI a chinntiú go ndéantar na hailt iomchuí ón Chód Eitice a ionchorprú sna ceachtanna.

Moladh 2
Ba cheart do Chomhairleoir Oiliúna Ceart Daonna an PSNI leanúint leis ag soláthar oiliúint shaincheaptha athnuachana maidir le cearta daonna agus le cearta daonna sa dearadh oiliúna ar bhonn bliantúil. Ba cheart go gcuirfí an dá chúrsa ar fáil do na hoifigigh uilig a bhfuil baint acu le soláthar nó le dearadh na hoiliúna.

Moladh 3
Ba cheart don PSNI, gan mhoill, comhairle a chur ar na póilíní bainteacha laistigh de gach Ceantar maidir leis an dualgas atá orthu a chur in iúl do Riarthóir Scéim Cuartaíochta na Seomraí Coimeádta, comh luath agus is praiticiúil (i) gur druideadh agus ansin gur athosclaíodh seomra sainithe coimeádta; agus (ii) maidir le hainmniú nó le dí-ainmniú aon stáisiún péas, go buan nó go sealadach. Ba cheart don PSNI a chinntiú ina dhiaidh sin go léann agus go nglacann gach póilín bainteach leis an fhreagracht sin.

Moladh 4
Ba cheart don PSNI leanúint leis an mhonatóireacht a dhéantar ar líon ard na gcimí atá á gcoinneáil i stáisiúin neamhainmnithe agus ba cheart dóibh athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar stádas ainmnithe gach stáisiúin. Ba cheart don PSNI tuairisc a thabhairt ar bhonn bliantúil do Choiste na gCeart Daonna agus na gCaighdeán Proifisiúnta maidir le líon na ndaoine a bhí faoi choimeád i stáisiúin péas neamhainmnithe agus ní mór a shonrú sa tuairisc sin an fad ama a coinníodh gach cime.

Moladh 5
Ba cheart don PSNI machnamh ar gach oifigeach coimeádta a chur a fhreastal ar oiliúint SafeTALK agus tuairisc a chur faoi bhráid Choiste na gCeart Daonna agus na gCaighdeán Proifisiúnta laistigh de shé seachtaine i ndiaidh fhoilsiú na Tuairisce Bliantúla Ceart Daonna seo maidir le cé acu an gcuirfear tús leis an oiliúint, agus más rud é go gcuirfear, cá huair.

Is é is aidhm leis an doiciméad seo forbhreathnú gairid a thabhairt. Tabhair do d'aire go bhfuil an leagan iomlán den Tuairisc Bhliantúil Ceart Daonna, 2010, ar fáil lena íoslódáil ar shuíomh gréasáin Bhord Póilíneachta Thuaisceart Éireann: www.nipolicingboard.org.uk

Bord Póilíneachta
Thuaisceart Éireann

ARNA FHOILSIÚ AG BORD PÓILÍNEACHTA THUAISCEART ÉIREANN

Waterside Tower, 31, Bóthar Clarendon
Duga Clarendon, Béal Feirste BT1 3BG

Teil: +44 (0) 28 9040 8500
Facs: +44 (0) 28 9040 8544
Téacsfhón: +44 (0) 28 9052 7668

R-phost: information@nipolicingboard.org.uk
Suíomh Idirlín: www.nipolicingboard.org.uk

TEIDEAL DOICIMÉID

TUAIRISC BHLIANTÚIL CEART DAONNA 2010 - FORBHREATHNÚ

FORMÁID AR LÍNE

Tá an doiciméad seo ar fáil i bhformáid PDF ónár suíomh idirlín

ARNA FHOILSIÚ EANÁIR 2011

Is féidir an doiciméad seo a chur ar fail i bhformáidí eile fosta ach a n-iarraidh, lena n-áirítear CD agus mórchló. D'fhéadfadh sé bheith ar fáil fosta i dteangacha mionlaigh nó ar chloschaiséad. Ba chóir iarratais ar fhormáidí eile a chur chuig Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

SÉANADH

Cé go ndearnadh gach iarracht beaichte an eolais sa doiciméad seo a chinntiú, ní bheidh Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann ná a chomhairleoirí faoi dhliteanas maidir le heolas míchruinn ar bith atá ann.

facebook www.facebook.com/policingboard

INVESTORS IN PEOPLE